2025/2304

11.11.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2304 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 5 Samhain 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2667 (BiH/41/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin [1], agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2004, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, lenar bunaíodh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh Oibríocht ALTHEA.

(3) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2667 [2], lena gceaptar an Maor-Ghinearál Florin-Marian BARBU mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oibríocht ALTHEA ón 21 Eanáir 2025.

(4) An 15 Meán Fómhair 2025, mhol údaráis na hIodáile an Maor-Ghinearál Maurizio FRONDA a cheapadh i gcomharbacht ar an Maor-Ghinearál Florin-Marian BARBU mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oibríocht ALTHEA ón 21 Eanáir 2026 ('an ceapachán molta').

(5) An 18 Meán Fómhair 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar Oibríocht ALTHEA leis an gceapachán molta.

(6) An 23 Meán Fómhair 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Maor-Ghinearál Maurizio FRONDA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oibríocht ALTHEA.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Maor-Ghinearál Maurizio FRONDA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oibríocht ALTHEA.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2667 a aisghairm.

(9) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena luaitear nach mbeidh feidhm ag na socraíochtaí dá ngairtear Beirlín Plus agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó páirtithe i gComhpháirtíocht na Síochána iad agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT dá bharr sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Maor-Ghinearál Maurizio FRONDA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) ón 21 Eanáir 2026.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2667.

[1] IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

[2] Cinneadh (CBES) 2024/2667 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/2130 (BiH/38/2024) (IO L, 2024/2667, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2667/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 21 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK